COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ
LAW REFORM COMMISSION

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH

Comórtas oscailte le haghaidh ceapadh chuig an bpost seo:

CEANN GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA
SA CHOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Dáta deiridh: **23 Aibreán 2025** ag meán lae

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.

Reáchtálfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí an feachtas seo de réir an Chóid Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Foilsíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí cóid chleachtais agus bíonn siad ar fáil ar **www.cpsa.ie**

RÍOMHPHOST **recruitment@lawreform.ie**

SUÍOMH GRÉASÁIN **www.lawreform.ie**

TEILEAFÓN 01 6377609

CLÁR ÁBHAR

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ 0
Deis Ardbhainistíochta 3
An Ról 5
Cáilíochtaí agus Taithí 8
Ceanglais Bhunriachtanacha 8
Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht. 9
Ceanglas Saoránachta 9
Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí 10
An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS): 10
Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010): 10
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013) 11
Dearbhú: 11
Príomhchoinníollacha Seirbhíse 12
1. Ginearálta: 12
2. Pá 12
3. Tionacht agus Promhadh 13
4. Ceanncheathrú 14
5. Scor/Aoisliúntas 14
Laghdú Pinsin 14
6. Uaireanta freastail 16
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 17
Saoire Bhreoiteachta 17
Saoire Bhliantúil 17
Rúndacht, Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas 17
PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS 18
Dáta deiridh 18
Modhanna Roghnúcháin 18
Iarrthóirí faoi Mhíchumas 19
Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin faoin gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí 20
Faisnéis Ghinearálta 22
Aguisín 1 23

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ar leibhéal an Phríomhoifigigh 23
Inniúlachtaí ar Leibhéal an Phríomhoifigigh 24

Ceann Gnóthaí Corparáideacha

Deis Ardbhainistíochta

Tá an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (an Coimisiún) ag iarraidh Ceann Gnóthaí Corparáideacha a cheapadh. Is post nua é sin. Déanfaidh an Ceann Gnóthaí Corparáideacha cathaoirleacht ar an gCoiste Bainistíochta, agus tuairisceoidh sé/sí don Choimisiún maidir le gnóthaí corparáideacha, straitéis chorparáideach agus oibríochtaí corparáideacha. Is deis iontach é seo le bheith mar cheannaire straitéiseach i gcomhlacht dinimiciúil seirbhíse poiblí a chuireann athchóiriú agus rochtain ar an dlí in Éirinn chun cinn. Cé go bhfuil an ról seo i gcomhlacht seirbhíse poiblí, beidh an duine a cheapfar ina státseirbhíseach.

Beifear ag súil go mbeidh an Ceannaire Gnóthaí Corparáideacha ina chathaoirleach ar chruinnithe an Choiste Bainistíochta. Ar Choiste Bainistíochta an Choimisiúin tá an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, an Bainisteoir Rochtana ar Reachtaíocht agus an Leas-Bhainisteoir um Rochtain ar Reachtaíocht. Tagann an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach mórcheist a bhaineann le hoibriú éifeachtach agus éifeachtúil an Choimisiúin. Ceann de phríomhchúraimí an Choiste is ea faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le baint amach na spriocanna atá leagtha amach i gclár oibre an Choimisiúin.

Imreoidh an Ceann Gnóthaí Corparáideacha ról iomlán i ngach gné de shaol na hoifige, agus é/í ag gabháil d'fhoghlaim inmheánach/sheachtrach bhreise agus ag tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach agus le cláir um shláinte agus folláine don fhoireann ar fad.

Iarrtar iarratais ar iarrthóirí ó chúlraí éagsúla, arb ionann croíluachanna dóibh agus don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí agus ar féidir leo a thaispeáint go sealbhaíonn siad an saineolas agus an taithí ábhartha a theastaíonn don ról, lena n-áirítear an teicneolaíocht a fhorbairt a thuilleadh ar mhaithe le cuspóirí a bhaint amach.

Tabhair faoi deara: Cruthófar painéal chun aon fholúntais a thiocfaidh chun cinn amach anseo le linn thréimhse feidhme an phainéil a líonadh. Níltear ag súil leis go ndéanfar aon cheapacháin ón bpainéal sin tar éis mhí na Nollag 2026.

Tá seisear foirne is fiche ag an LRC ar a bhfuil foireann ghairmiúil, theicniúil, theicniúil agus riaracháin, agus buiséad bliantúil de €3 mhilliún do 2024.

Feidhmeanna Reachtúla an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí

Tá an Coimisiún ina chomhlacht reachtúil a bunaíodh leis an *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún dlí na hÉireann a choimeád faoi bhreithniú agus taighde a sheoladh d'fhonn an dlí a athchóiriú. Tagann na nithe seo a leanas faoin míniú ar athchóiriú an dlí:

• an dlí a fhorbairt,

• an dlí a chódú, lena n-áirítear an dlí a shimpliú agus a fhreacnairciú, agus

• reachtaíocht a athbhreithniú agus a chomhdhlúthú.

Tá cúigear comhaltaí ag an gCoimisiún – an tUachtarán agus ceathrar Coimisinéirí (Coimisinéir lánaimseartha agus triúr Coimisinéirí páirtaimseartha).

Tagann an Coimisiún le chéile uair amháin ar a laghad in aghaidh na míosa in oifig an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí. Beifear ag súil leis go bhfreastalóidh an Ceann Gnóthaí Corparáideacha ar na cruinnithe sin agus ar chruinnithe inmheánacha míosúla bainistíochta.

Is é an ról atá ag an gCoimisiún ná dlí na hÉireann a choinneáil faoi athbhreithniú neamhspleách, oibiachtúil agus saineolach, moltaí atá freagrúil do riachtanais chomhaimseartha agus réamh-mheasta na sochaí in Éirinn a dhéanamh le haghaidh athchóiriú an dlí, agus an dlí reatha a dhéanamh inrochtana do gach duine.

Ó bunaíodh é, d'fhoilsigh an Coimisiún breis agus 225 dhoiciméad (Páipéir Saincheisteanna, Páipéir Oibre, Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha) ina bhfuil tograí le haghaidh athchóiriú an dlí. Foilsíonn sé na haschuir óna chuid oibre i réimse na Rochtana ar Reachtaíocht freisin (an tEolaire Reachtaíochta, Achtanna Athbhreithnithe, agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta). Tá liosta iomlán de na foilseacháin ón gCoimisiún ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin ag www.lawreform.ie, áit a bhfuil gach foilseachán ar fáil lena n-íoslódáil saor in aisce.

De réir an *Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975*, tá an Coimisiún ina chomhlacht reachtúil atá faoi choimirce Oifig an Ard-Aighne. Is gnách go dtagann an cúigear comhaltaí den Choimisiún agus baill foirne shinsearacha ón gCoimisiún le chéile leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha ó Oifig an Ard-Aighne gach bliain. Tugtar le linn na gcruinnithe sin deis struchtúrtha thábhachtach chun clár oibre reatha an Choimisiúin a phlé leis an Ard-Aighne agus le hoifigigh shinsearacha. Is fianaise iad freisin ar an gcaidreamh oibre tábhachtach atá ar bun idir an Coimisiún agus Oifig an Ard-Aighne, mar gheall ar neamhspleáchas an Choimisiúin i seoladh a chuid feidhmeanna faoi Acht 1975.

Cláir um Athchóiriú an Dlí agus Iarrataí ón Ard-Aighne

Is as dhá phríomhfhoinse a thagann obair an Choimisiúin i réimse athchóiriú an dlí:

- Cláir um Athchóiriú an Dlí a n-ullmhaíonn an Coimisiún iad, a gcomhaontaíonn an Rialtas iad agus a leagtar faoi bhráid Thithe an Oireachtais
- Iarrataí a fhaightear ón Ard-Aighne i ndáil le nithe ar leith.

Rochtain ar Reachtaíocht

Rud eile atá i gceist le hobair an Choimisiúin is ea reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana don phobal.

Soláthraíonn an Coimisiún trí phríomhacmhainn chun an cuspóir sin a bhaint amach: an tEolaire Reachtaíochta; Achtanna Athbhreithnithe; agus an Liosta Aicmithe Reachtaíochta.

Is é atá san Eolaire Reachtaíochta ná bunachar sonraí ar líne lena gcumasaítear d'úsáideoirí Leabhar Reachtanna na hÉireann a shainaithint cé acu a leasaíodh nó nár leasaíodh Acht nó Ionstraim Reachtúil ar leith, nó cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon difear eile dó nó di, ó achtaíodh an tAcht nó an Ionstraim Reachtúil ar dtús.

Déanann an Coimisiún Achtanna Athbhreithnithe a tháirgeadh agus a fhoilsiú freisin, ina léirítear

san aon doiciméad amháin na leasuithe uile a rinneadh ar gach Acht leasaithe, agus nótaí mínithe iomlána ann. Cumasaíonn sé sin don léitheoir amharc ar an Acht mar atá faoi láthair, ar fhaisnéis faoi leaganacha roimhe sin, ar na forálacha nó na leasuithe a tosaíodh agus cén uair a tosaíodh iad, agus ar na forálacha nó na leasuithe nár tosaíodh iad go fóill. Chuir an Coimisiún 531 athbhreithniú i gcrích sa bhliain 2024, agus aisghaireadh 13 cinn díobh ina dhiaidh sin. D'fhág sé sin go raibh 518 leasú cothrom le dáta laistigh de dhá mhí ó theacht i bhfeidhm na leasuithe. Chuir an fhoireann um Rochtain ar Reachtaíocht 299 gcinn d'athbhreithnithe nua agus de nuashonruithe i gcrích sa bhliain 2024.

Thosaigh an Coimisiún ag obair ar cheathrú hacmhainn sa bhliain 2019, ba é sin an Clár um Athchóiriú an Dlí Reachtúil réamh-1922. Is é atá i gceist leis an obair sin faoi láthair ná a scrúdú cé na píosaí reachtaíochta tánaistí a rinneadh idir na blianta 1821 agus 1922 ar cheart iad a chúlghairm nó a choinneáil. Tugann sé sin cinnteacht thábhachtach maidir leis an ngné sin de stoc reachtach an Stáit.

Is iad sainbhaill foirne riaracháin san fhoireann Tacaíochta Dlí agus Corparáidí a thugann tacaíocht chorparáideach, agus iad ag tacú agus ag cabhrú le soláthar seirbhísí, lena n-áirítear na seirbhísí seo a leanas:

- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- Airgeadas
- Seirbhísí Oifige
- Seirbhís Eolais agus Faisnéise

An Ról

Post lánaimseartha buan ag grád an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís is ea an ról mar Cheann Gnóthaí Corparáideacha.

Tuairisceoidh an Ceann Gnóthaí Corparáideacha go díreach don Uachtarán nó do cibé coimisinéir eile a ainmneoidh an tUachtarán, agus rachaidh sé/sí i dteagmháil go díreach leis an gCoimisiún ar nithe straitéise corparáidí.

Beidh dlúth-theagmháil ar bun idir an Ceann Gnóthaí Corparáideacha agus baill foirne ábhartha agus a gcomhghleacaithe in Oifig an Ard-Aighne.

Beifear ag súil leis go bhfreastalóidh sé/sí ar chruinnithe míosúla bainistíochta agus/nó ar chruinnithe míosúla coimisiúin.

Beidh ról ríthábhachtach ag an gCeann Gnóthaí Corparáideacha maidir le cuntas a thabhairt ar dhul chun cinn ar an Ráiteas Straitéise 2024-2026, bainistíocht riosca, pleananna gnó, comhlíonadh rialachais na seirbhíse poiblí agus tionscnaimh nuachóirithe, agus freagracht air/uirthi as a chinntiú go gcomhlíonann cleachtais ghnó agus oibríochtaí gnó an Choimisiúin na hoibleagáidí dlíthiúla agus rialála iomchuí uile.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí

Is é atá sa mhéid seo a leanas ná forbhreathnú ginearálta ar an raon príomhdhualgas atá ar an gCeann Gnóthaí Corparáideacha:

- Sainchomhairle agus dearbhú a thabhairt don Choimisiún ar shaincheisteanna a bhaineann le rialachas corparáideach, beartas poiblí, oibríochtaí seirbhíse poiblí, rialáil agus comhlíonadh, agus bainistíocht airgeadais.
- An Coiste Bainistíochta a threorú agus rannchuidiú go héifeachtach le ceannaireacht, straitéis, bainistíocht agus forbairt chorparáideach fhoriomlán agus oibriú corparáideach foriomlán an Choimisiúin agus le comhlíonadh a chuid spriocanna.
- Tacú leis an obair a dhéanann an fhoireann um Thaighde agus an fhoireann um Rochtain ar Reachtaíocht laistigh den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí maidir le tionscadail agus aschuir a sholáthar.
- Ceannaireacht láidir a sholáthar i mbainistíocht agus soláthar seirbhísí corparáideacha, á chinntiú go bhfuil straitéisí um rioscaí a shainaithint, a thomhas agus a mhaolú i bhfeidhm agus go ndéantar faireachán orthu agus go dtugtar tuairisc don Choimisiún orthu go leanúnach.
- Bainistiú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar obair na foirne riaracháin.
- Úsáid na teicneolaíochta a fhorbairt a thuilleadh ar mhaithe le cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach.
- Formhaoirseacht a dhéanamh ar an obair a dhéantar chun Meastacháin Bhliantúla, Buiséid Ilbhliantúla agus an Cuntas Leithreasa a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar faireachán cuí ar chaiteachas agus go dtugtar cuntas cuí air. Idirchaidreamh a dhéanamh, de réir mar is gá, le baill foirne Oifig an Ard-Aighne, na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, Roinn an Taoisigh agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- Freagrach as cleachtais AD forásacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Ionadaíocht a dhéanamh don Choimisiún ag coistí Oireachtais, ag Coistí Idir-Rannacha, ag Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus ag fóraim eile, de réir mar is gá.
- Dea-chleachtais, próisis, córais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh den Choimisiún um Athchóiriú an Dlí ionas gur féidir leis an eagraíocht an sainordú straitéiseach atá aici a chomhlíonadh ar bhealach cost-éifeachtúil tráthúil, ar aon dul lena Ráiteas Straitéise.
- Soláthar seirbhísí corparáideacha a athchóiriú agus a nuachóiriú de réir mar a éilíonn an Coiste Bainistíochta agus mar a éilítear faoin gClár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí.
- Caidreamh láidir oibre a fhorbairt le príomh-gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus rannchuidiú le comhlíonadh aidhmeanna/cuspóirí straitéiseacha.
- Acmhainní leithdháilte agus costais an Choimisiúin a bhainistiú.
- Bainistiú a dhéanamh ar chumarsáid sheachtrach a bhaineann le freagraí ar Cheisteanna Parlaiminte, uiríll pholaitiúla, ceisteanna Preasoifige, agus ceisteanna ón bpreas agus ón bpobal.
- Ról lárnach a imirt i mbainistíocht géarchéime agus i mbainistíocht leanúnachais gnó.
- Dea-chleachtas a fhorbairt do bhaill foirne de réir bheartais an Choimisiúin.

Níor cheart na freagrachtaí atá leagtha amach sa sainchuntas poist seo a mheas a bheith cuimsitheach agus is féidir go gcuirfear dualgais bhreise leo nó go n-athrófar iad de réir mar is gá, ar aon dul le riachtanais an Choimisiúin.

Láthair an Phoist agus Timpeallacht Oibre
Beidh an Ceann Gnóthaí Corparáideacha lonnaithe i dTeach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2.

Tá socruithe oibre cumaisc i bhfeidhm.

Oiliúint agus Forbairt
Spreagtar forbairt ghairme go gníomhach, agus cabhrófar leis an iarrthóir rathúil freastal ar chúrsaí, comhdhálacha, etc., a bhaineann leis an obair.

Cáilíochtaí agus Taithí

Ceanglais Bhunriachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu ar an dáta deiridh don chomórtas seo nó roimh an dáta sin:

(a) (i) Cáilíocht ag Leibhéal 8 (céim onóracha) ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó Cáilíochtaí Eachtracha coibhéiseacha NARIC Ireland i ndisciplín ábhartha

agus

(ii) taithí ábhartha cúig bliana a gnóthaíodh le déanaí (i.e., laistigh de na 10 mbliana seo a chuaigh thart).

NÓ

(b) (i) Cáilíocht ag Leibhéal 7 (i.e., Gnáthchéim) ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó Cáilíochtaí Eachtracha coibhéiseacha NARIC Ireland i ndisciplín ábhartha

agus

(ii) taithí ábhartha seacht mbliana a gnóthaíodh le déanaí (i.e., laistigh de na 10 mbliana seo a chuaigh thart).

NÓ

(c) (i) Cáilíocht Ghairmiúil aitheanta a bhaineann le réimsí freagrachta an róil

agus

(ii) taithí ábhartha seacht mbliana a gnóthaíodh le déanaí (i.e., laistigh de na 10 mbliana seo a chuaigh thart).

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a bheith acu freisin

1. Sárscileanna ceannaireachta
2. Ardleibhéal cruthaithe scileanna bainistíochta agus eagrúcháin, agus cumas léirithe chun foirne a fhorbairt agus a bhainistiú;
3. Taithí ar bhainistíocht tionscadal agus ar thionscadail rathúla a sholáthar go tráthúil;
4. Cumas cruthaithe chun sonraí cuí a shainaithint agus a ghabháil, agus an cumas chun sonraí a scrúdú, a anailísiú agus a úsáid go héifeachtach chun cinntí fónta a dhéanamh;
5. Taithí láidir ar chur chun feidhme réiteach teicneolaíoch agus/nó digiteach a bhainistiú;
6. Taithí ar bhuiséid a bhainistiú, ar réamh-mheastacháin chostais agus ar réamhaisnéisiú;
7. Cumas cruthaithe chun athruithe straitéiseacha a cheapadh, a chur chun feidhme agus/nó a bhainistiú agus chun athruithe den sórt sin a chur chun cinn go dearfach i dtimpeallacht bhroidiúil chasta ardphróifíle;
8. Stair chruthaithe maidir le freagracht a ghlacadh as spriocanna feidhmíochta a chomhlíonadh agus as torthaí soiléire dúshlánacha a bhaint amach dóibh féin agus dá bhfoireann;
9. Tiomantas láidir do chláir nuachóirithe a thabhairt isteach agus a bhainistiú;
10. Cumas chun luach agus éifeachtúlacht a bhrú chun cinn i ngach réimse soláthar seirbhíse;
11. Cur chuige athléimneach, dinimiciúil agus inoiriúnaithe, stíl réamhghníomhach cheannaireachta, agus an cumas chun obair ar a gconlán féin agus freagracht a ghlacadh;
12. Sárthuiscint ar ghnéithe tráchtála de ghnó seirbhísí gairmiúla, agus an-chloigeann gnó orthu;

13. Sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn, agus an cumas chun caidreamh éifeachtach a chothú le geallsealbhóirí ar gach leibhéal, go hinmheánach agus go seachtrach araon;
14. Sárscileanna líonraithe, agus an cumas chun na scileanna sin a úsáid chun dea-thorthaí a bhaint amach ó thaobh gnó agus daoine de;
15. Cumas láidir chun ionadaíocht a dhéanamh d'eagraíocht ar mhodh gairmiúil;
16. Tuiscint ar an ról tábhachtach a imríonn an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí laistigh den mhórchóras dlí agus beartais phoiblí;
17. Tiomantas léirithe d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach;
18. Sárscileanna TFC, agus inniúlacht ar fheidhmchláir Microsoft Office a úsáid.

De bhreis ar na nithe thuas, ní mór d'iarrthóirí a bheith in ann a thaispeáint freisin go bhfuil acu na Príomhinniúlachtaí atá sainaitheanta le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ar leibhéal an Phríomhoifigigh. Féach Aguisín 1.

<u>Inmhianaithe</u>

- Taithí chruthaithe ar obair go díreach le bainisteoirí ar leibhéal an Bhoird.
- Tuiscint ar na dúshláin a bhaineann le treorú a dhéanamh ar na feidhmeanna corparáideacha atá ag sainchomhlacht seirbhíse poiblí amhail an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn sé, nó an cumas chun an tuiscint sin a ghnóthú go tapa.

Tabhair faoi deara:
Is féidir nach ndeimhneofar cáilíochtaí/incháilitheacht ach amháin ag an gcéim dheiridh den phróiseas. Dá bhrí sin, is ag cur dua/caiteachas neamhriachtanach orthu féin atá na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonann na ceanglais bhunriachtanacha, ar na dátaí atá sonraithe nó faoi na dátaí sin, agus a leanann ar aghaidh leis an iarratas uathu agus ní thairgfear post ón gcomórtas seo dóibh.

Is ar an iarrthóir a bhíonn an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun iarratasóir a mheas a bheith neamh-incháilithe ag aon chéim más follasach nach bhfuil an incháilitheacht riachtanach/na cáilíochtaí riachtanacha ag an iarrthóir, e.g., ón bhfoirm iarratais atá curtha isteach. Maidir le hiarrthóirí nach bhfuil in ann a thaispeáint go bhfuil nó go mbeidh an cháilíocht riachtanach/na cáilíochtaí riachtanacha acu faoin spriocdháta sonraithe, is féidir go dtarraingeofar siar ón gcomórtas iad ag aon chéim. Ní hionann cuireadh chun freastal ar agallamh nó ar aon ghné den phróiseas roghnúcháin agus glacadh le hincháilitheacht.

Maidir le hiarrthóirí a chuirfear ar phainéal agus a bheidh á mbreithniú lena gceapadh chuig post, ceanglófar orthu fianaise dhoiciméadach a sholáthar ar a n-incháilitheacht, lena n-áirítear cáilíochtaí.

Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh sa chomórtas agus srianta áirithe ar incháilitheacht.

Ceanglas Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó
(c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise a bhfuil cead stampa 4[1] nó stampa 5 aige nó aici.

Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Rinneadh Comhaontú Comhchoiteann, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) i ndáil le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí, agus a bhfuil éifeacht leis ón 1 Meitheamh 2012, a thabhairt isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra dar dáta an 28 Meitheamh 2012. Is coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a mhínítear é sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 – 2011) go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis an fhostaíocht a fhoirceannadh. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS):

Is coinníoll é de chuid na Scéime Dreasachta Luathscoir (SDLS), mar a leagtar amach í i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a scoir incháilithe faoin Scéim sin le haghaidh cur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Ní ceadmhach, mar sin, do dhaoine a scoir faoin scéim sin cur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán ón Roinn Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Tugadh isteach Scéim Luathscoir Shaorálaigh Spriocdhírithe (LSS) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Saorálaí (SIS) le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010. Is coinníoll de chuid scéim LSS é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne ná i gcomhlacht a chistítear go hiomlán nó go príomha as airgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna ar athfhostú faoi SIS, ach amháin gur toirmeasc go ceann tréimhse 7 mbliana é an toirmeasc. Níl daoine a bhain leas as scéim LSS incháilithe le páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as scéim

[1] Tabhair faoi deara go nglactar le cead Airteagal 50 CAE, a tháinig in ionad Stampa 4 EUFAM tar éis an Bhreatimeachta, mar choibhéis le Stampa 4.

SIS agus a n-éireoidh leo sa chomórtas seo a chruthú go bhfuil siad incháilithe (deireadh a bheith leis an tréimhse neamh-incháilitheachta).

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Tugadh Scéim Iomarcaíochta Saorálaí d'Údaráis Áitiúla isteach le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll sonrach de chuid na Scéime Luathscoir Shaorálaigh nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [de réir an tsainmhínithe sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011, agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012] go ceann tréimhse 2 bhliain tar éis a ndáta imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conradh le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

Dearbhú:

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.

Fostóir Roghnaithe:

Mar **Fhostóir Roghnaithe**, tá ag an Státseirbhís a lán beartas le haghaidh obair sholúbtha agus obair a thacaíonn le teaghlaigh, e.g., Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre Níos Giorra agus Cianobair (a oibrítear ar bhonn 'cumaisc'), etc. Maidir le gach beartas roghnach, féadfar iarratas a dhéanamh orthu de réir na bhforálacha reachtúla iomchuí agus tá siad faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Oibríonn an Státseirbhís scéim Soghluaisteachta le haghaidh gach gráid ghinearálta seirbhíse freisin. Leis an scéim seo, soláthraítear deiseanna gairme do bhaill foirne chun róil éagsúla a fhoghlaim, agus chun páirt a ghlacadh iontu, i raon eagraíochtaí Státseirbhíse agus i raon láithreacha geografacha.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

1. Ginearálta:

Tá an ceapachán chuig post buan sa Státseirbhís agus tá sé faoi réir Achtanna Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956 go dtí 2005, an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Achta eile atá i bhfeidhm idir an dá linn sa Státseirbhís.

2. Pá

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost (tá na rátaí in éifeacht ón 1 Márta 2025 i leith):

Scála Tuarastail Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (RPP) an Phríomhoifigigh,

PRÍOMHOIFIGEACH (RPP)

€104,971.00 €109,426.00 €113,845.00 €118,298.00 €122,054.00 €125,951.00[1] €129,841.00[2]

Tá feidhm ag an ráta pá RPP i gcás go gceanglaítear ar an duine aonair Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (dá ngairtear ranníocaíocht príomhscéime ar shlí eile) a íoc de réir rialacha a p(h)ríomhscéime aoisliúntais/a scéime pearsanta aoisliúntais. Tá sé sin difriúil le ranníocaíocht i ndáil le comhaltas i scéim Céilí agus Leanaí agus tá sé difriúil freisin leis na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais.

Beidh feidhm ag ráta difriúil i gcás nach gceanglaítear ar an gceapaí Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

Féadfar breisíochtaí fadseirbhíse a íoc tar éis seirbhís shásúil 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) ag uasphointe an scála.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gur ag bun an scála a thosófar agus nach mbeidh sé sin faoi réir idirbheartaíochta agus go bhféadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Is féidir go mbeidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha difriúla más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach buan nó seirbhíseach poiblí buan é/í an ceapaí.

Is ag an gcéad phointe den scála cuí a bheidh an ráta pá a thairgfear agus íocfar é trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) i do rogha cuntas bainc ar bhonn coicísiúil i riaráiste. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go bhfuil uimhir chuntais bainc agus cód sórtála bainc tugtha agat don Cheann Riaracháin. Déanfaidh an Coimisiún asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Comhaontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntas nó speansas de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-Íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas agus Speansas a rinneadh le Baill Foirne/Iar-Bhaill Foirne/Pinsinéirí.

3. Tionacht agus Promhadh

Is ceapachán chuig post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís é an ceapachán.

Beidh feidhm ag an gconradh promhaidh go ceann tréimhse bliana ón dáta atá sonraithe ar an gconradh. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach thíos, ní hionann é sin agus a rá nach bhfadófaí leis an gconradh promhaidh in imthosca cuí.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh d'fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ráithiúil ag do mhaoirseoir(í) chun a chinneadh –

a) An raibh d'fheidhmíocht sásúil,
b) An raibh tú sásúil ó thaobh iompair ghinearálta de, agus
c) An bhfuil tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe ag féachaint do shaoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar thú, de bhun *alt 5(A)(2) d'Achtanna Rialuithe na Státseirbhíse, 1956-2005*. Bunófar an cinneadh sin ar d'fheidhmíocht, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Déanfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí mionsonraí an phróisis promhaidh a mhíniú duit agus tabharfar cóip de na treoirlínte maidir le promhadh ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe duit.

D'ainneoin mhíreanna roimhe seo den rannán seo, féadfaidh ceachtar taobh an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

In imthosca áirithe, féadfar fadú le do chonradh agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí. Ní mór don dá pháirtí toiliú leis an bhfadú.

- Beidh an tréimhse phromhaidh ar fionraí le linn d'fhostaí bheith as láthair de bharr Saoire Mháithreachais nó Saoire Uchtála.
- Maidir le fostaí atá as láthair ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, is féidir go n-éileoidh an fostóir go gcuirfear an tréimhse phromhaidh ar fionraí i gcás nach measfar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den tréimhse phromhaidh.
- Féadfar an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí i gcásanna amhail neamhláithreacht mar gheall ar bhreoiteacht neamh-athfhillteach.

In imthosca den sórt sin, féadfaidh an fostaí iarratas a dhéanamh chuig an bhfostóir ar fhadú a chur le tréimhse an chonartha.

Cuirfidh gach ceapaí tréimhse phromhaidh aonbhliana isteach. Más rud é go raibh ceapaí a dteipeann air/uirthi na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh ina státseirbhíseach ar seirbhís díreach sular ceapadh é/í ón gcomórtas seo, is gnách go dtiocfaidh saincheist an fhillte chun cinn. I gcás fillte, fillfidh an t-oifigeach ar fholúntas ina (h)iarghrád sa Roinn a raibh sé/sí inti roimhe sin.

4. Ceanncheathrú

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag obair in oifigí an Choimisiúin, atá lonnaithe faoi láthair i dTeach Styne, Sráid Haiste, Baile Átha Cliath 2, nó a bheidh lonnaithe in áit eile amach anseo dá mbogfadh an Coimisiún chuig oifigí nua. Nuair a bhíonn an t-iarrthóir rathúil ar dhualgas agus as láthair ón mbaile agus ó oifigí an Choimisiúin dá bharr, íocfar speansais chuí taistil agus chothaithe leis/léi, faoi réir ghnáthrialacháin na státseirbhíse.

Tá beartas um obair chumaisc ag an gCoimisiún. Tiocfaidh iarrthóirí chun bheith incháilithe le haghaidh obair go cianda, faoi réir ceadú ón lucht bainistíochta, tar éis dóibh a dtréimhse phromhaidh trí mhí a chur i gcrích go rathúil.

5. Scor/Aoisliúntas

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Go ginearálta, is bunaithe ar chomhaltas sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("an Scéim Aonair") a thairgfear ceapachán do cheapaí nár oibrigh sa tSeirbhís Phoiblí riamh. Tá mionsonraí iomlána faoin Scéim ar fáil ag **http://www.per.gov.ie/pensions**.

I gcás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach mbaineann leis an Scéim Aonair) sna 26 seachtaine sular ceapadh é/í nó go bhfuil sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá/gan phá, is féidir go mbeidh téarmaí difriúla i bhfeidhm. Déanfar teidlíocht pinsin na gceapaithe sin amach maidir lena stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is mar seo a leanas atá na príomhfhorálacha atá i bhfeidhm maidir le comhaltas den Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ar a dtagann an pinsean chun bheith iníoctha agus an aois incháilitheachta le haghaidh an Phinsin Stáit, arb í 66 bliana d'aois í faoi láthair.
- Aois Scoir: Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor ag 70 bliain d'aois.
- Baintear úsáid as meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraítear suim phinsin agus cnapshuim gach bliain agus uasrátáiltear iad gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí).
- Tá baint leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí ag méaduithe pinsin iarscoir

Laghdú Pinsin

- Más rud é go raibh an ceapaí fostaithe cheana féin sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfaigheann sé/sí pinsean ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más rud é go bhfuil pinsean Státseirbhíse/Seirbhíse Poiblí á íoc le linn a (h)athfhostaíochta, **beidh** an pinsean sin **faoi réir laghdú** de réir alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim

Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Nuair a dhéanann tú iarratas ar an bpost seo, tá tú á admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdúcháin, nuair is ábhartha. Níl sé beartaithe go dtacóidh an Roinn/Oifig is fostóir le hiarratas ar tharscaoileadh laghdúcháin i dtaca le ceapacháin chun an phoist seo.**

- Mar sin féin, más rud é go raibh an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir shaorálaigh (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (SDLS), Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte maidir le LSS/SIS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a fhágann nach bhfuil duine incháilithe le haghaidh an chomórtais), scoirfidh teideal chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Is féidir, áfach, go ndéanfar socruithe speisialta chun seirbhís roimhe sin de chuid an cheapaí a ríomh chun críocha aon aoisliúntais a mbeidh an ceapaí i dteideal é a fháil sa todhchaí.

- **Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí: An Roinn Oideachais agus Scileanna – Ciorclán 102/2007**
  Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí a thabhairt isteach. Tá sé mar choinníoll de chuid na Scéime Luathscoir gurb amhlaidh, seachas sna cásanna a leagtar amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadacht ciorcláin iomchuí agus sna cásanna sin amháin, más rud é go nglacann múinteoir le luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim sin agus go bhfostaítear é/í in aon cháil i réimse ar bith san earnáil phoiblí, a scoirfear láithreach de phinsean a íoc leis an duine sin faoin scéim. Tosófar arís ar íocaíochtaí pinsin, áfach, nuair a scoirfear den fhostaíocht sin nó ar an lá a shlánóidh an duine 60 bliain d'aois, cibé acu is déanaí, ach nuair a thosófar ar íocaíochtaí pinsin arís, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhír an duine mar mhúinteoir (i.e., ní chuirfear san áireamh na blianta breise a tugadh roimhe sin nuair a bheidh an íocaíocht pinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Easláinte**
  Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, maidir le haon daoine a chuaigh ar scor roimhe sin ar fhorais easláinte faoi théarmaí aon scéime aoisliúntais, a éilítear orthu a dhearbhú don eagraíocht atá ag riar an chomórtais earcaíochta, ag an gcéim iarratais tosaigh, cé acu atá nó nach bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin.

  Éileofar ar iarratasóirí freastal ar oifig an Phríomh-Dhochtúra Oifigiúil chun go measúnófar a gcumas chun seirbhís thráthrialta éifeachtach a sholáthar, agus an riocht a cháiligh iad le haghaidh scor de dheasca easláinte á chur san áireamh.

  Ceapachán tar éis scor den Státseirbhís de dheasca easláinte

  1. Má éiríonn leis ina (h)iarratas tríd an gcomórtas, ba cheart don iarratasóir a bheith ar an eolas faoi na nithe seo a leanas: Más rud é go meastar é/í a bheith oiriúnach do sheirbhís rialta éifeachtach a sholáthar agus go sanntar é/í do phost, scoirfear dá p(h)insean státseirbhíse de dheasca easláinte a íoc.
  2. Má theipeann ar an iarratasóir an promhadh a chur i gcrích ina dhiaidh sin nó má chinneann sé/sí éirí as a p(h)ost sannta, ní fhéadfar é/í a fhilleadh ar stádas scoir ón

státseirbhís de dheasca easláinte ná an pinsean státseirbhíse de dheasca easláinte a bhí ann roimh an iarratas a athbhunú, agus ní bheidh sé/sí ina theidil sin ach oiread.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Ceapachán tar éis scor den tSeirbhís Phoiblí de dheasca easláinte

1. I gcás go ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, is féidir go mbeidh a p(h)insean de dheasca easláinte ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca easláinte faoin scéim sin.
2. Má éiríonn le hiarratasóir, ceanglófar air/uirthi a dhearbhú ar a c(h)eapadh cé acu atá nó nach bhfuil sé/sí ag fáil pinsean seirbhíse poiblí (bíodh pinsean de dheasca easláinte nó pinsean eile ann) agus is féidir go mbeidh a p(h)insean seirbhíse poiblí faoi réir laghdú.
3. Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina c(h)omhalta den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ar a c(h)eapadh má bhí sos is mó ná 26 seachtaine i seirbhís phoiblí inphinsin/státseirbhís inphinsin aige/aici.

Tabhair faoi deara gur ar fáil **tríd an nasc seo** nó ar í a iarraidh ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí a bheidh faisnéis níos mine maidir leis na himpleachtaí pinsin dóibh sin atá ag fáil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí de dheasca easláinte.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain leis an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i gcomhair pinsin i gcás go raibh duine ina b(h)all de níos mó ná scéim pinsean seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (i.e., scéim nach í an Scéim Aonair í) de réir Acht 2012. Foráiltear don teorainn 40 bliain sin san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin aige sin ar cheapaí ar bith a bhfuil cearta pinsin gnóthaithe aige/aici i bpost sa tseirbhís phoiblí roimhe seo.

Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de réir an Achta um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2017. **Tabhair faoi deara:** Tá asbhaintí Ranníocaíochta Breise Aoisliúntais de bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (an phríomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a éilítear faoi rialacha do scéime pinsean.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, féach an suíomh Gréasáin seo a leanas – **www.singlepensionscheme.gov.ie**.

6. Uaireanta freastail

Seasfar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair agus 15 nóiméad mar uaireanta freastail comhlána sa tseachtain nó 35 huaire an chloig mar uaireanta freastail glana sa tseachtain. Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos san Acht um Eagrú Ama Oibre, 1997.

Cumhdaítear leis an ráta luach saothair is iníoctha aon dliteanas i leith freastal breise a eascróidh ó am go chéile.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an bhfostaíocht seo, de réir mar is cuí.

Saoire Bhreoiteachta

Íocfar pá le linn neamhláithreacht bhreoiteachta chuí-dheimhnithe, de réir fhorálacha Scéim Saoire Breoiteachta na Seirbhíse Poiblí, 2014.

Beidh ar na ceapaithe sainordú a shíniú lena dtabharfar údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaí a íoc go díreach leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Beidh íocaíocht le linn na breoiteachta faoi réir na héilimh riachtanacha a bheith á ndéanamh ag an gceapaí le haghaidh sochar árachais shóisialta don Roinn Coimirce Sóisialaí go díreach laistigh den teorainn riachtanach ama.

Saoire Bhliantúil

30 lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bliantúla. Agus é faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú, tá an liúntas sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

Rúndacht, Caidreamh faoi Rún agus Caighdeáin Iompraíochta: Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas

I rith théarma an chonartha promhaidh, beidh oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach nach nochtfaidh sé/sí aon fhaisnéis rúnda do thríú páirtithe neamhúdaraithe le linn na tréimhse fostaíochta ná ina diaidh.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an ceapaí faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí

Beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí maidir leis an gceapachán seo nuair is cuí.

Réamhcheadú foilseachán

Aontóidh oifigeach gan aon ábhar a bhaineann lena c(h)uid dualgas oifigiúil a fhoilsiú gan réamhcheadú a fháil ó Uachtarán an Choimisiúin nó ó oifigeach údaraithe cuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil

I rith an téarma fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus polaitíocht.

Tá na ciorcláin uile ar fáil ar an suíomh Gréasáin **www.circulars.gov.ie** nó ón Rannóg Pearsanra.

Cód Pearsanra

Tá na ciorcláin uile ar fáil ar an suíomh Gréasáin www.circulars.gov.ie

FÓGRA TÁBHACHTACH

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh
Ba cheart iarratais a dhéanamh **trí ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie**.

Ní ghlacfar sa chomórtas ach amháin le hiarratais atá curtha isteach go hiomlán ar líne. **Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an ama deiridh.**

Dáta deiridh

Ní mór an t-iarratas uait a chur isteach tráth nach déanaí ná **23 Aibreán 2025.**

Más rud é nach bhfaighidh tú admháil á rá go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 huaire an chloig tar éis iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost chuig recruitment@lawreform.ie.

Is dóigh go dtosófar agallaimh do na poist seo i mBealtaine 2025

Is ar gach iarratasóir atá an dualgas a chinntiú go bhfaighidh siad na teachtaireachtaí uile ón gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Ní ghlacann an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí le haon fhreagracht as teachtaireachtaí nach bhfuil faighte ná léite ag iarratasóir. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na mionsonraí teagmhála atá sonraithe ar an bhfoirm iarratais ceart.

Modhanna Roghnúcháin

Is féidir go mbeidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise atá ina n-iarratas agus in aghaidh critéir shocraithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist
- réamhagallamh iomaíoch
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlánú
- láithreoireacht nó cleachtaí eile
- agallamh iomaíoch deiridh
- agallamh cianda

- sampla oibre/rólghlacadh/cleachtadh meán agus/nó aon trialacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí

Gearrliostú
De ghnáth, is mó an líon iarratas a fhaightear ar phost ná an líon a theastaíonn chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí nach dtabharfar cuireadh ach do líon beag iarrthóirí chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin i gcás nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine de bharr an lín atá ag déanamh iarratais.

Is é atá i gceist leis sin próiseas gearrliostúcháin a úsáid chun roghnú a dhéanamh ar ghrúpa daoine a mheasfar a bheith ar na daoine is oiriúnaí don phost tar éis na foirmeacha iarratais a scrúdú. Ní hé sin le rá nach bhfuil na hiarrthóirí eile oiriúnach ná nach bhfuil siad in ann an post a dhéanamh. Ina ionad sin, táthar á rá go meastar go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Le linn an phróisis gearrliostúcháin, déanfaidh bord saineolaithe scrúdú ar na foirmeacha iarratais in aghaidh critéir chomhaontaithe ghearrliostúcháin atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Le linn an phróisis sin, is féidir go ndéanfar measúnú freisin ar chaighdeán an inneachair i ngach iarratas. Is féidir go n-áireofar leis na critéir ghearrliostúcháin critéir bhunriachtanacha agus critéir inmhianaithe araon don phost. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn ar na cáilíochtaí/an taithí atá agat a thabhairt i d'iarratas. Is ar iarrthóirí atá an dualgas an fhoirm iarratais a chomhlánú go hiomlán agus go cruinn.

Is féidir go dtarraingeofar iarrthóirí ón gcomórtas seo i gcás go dtiocfaidh folúntais den chineál céanna chun cinn in áit eile sa Státseirbhís.

Teistiméireachtaí
B'fhiú duit tosú ag smaoineamh ar dhaoine a bheadh ina dteistiméirí oiriúnacha agus a bhféadfaimis dul i gcomhairle leo (ainm agus mionsonraí teagmhála do bheirt nó triúr). Cé nach gá duit d'fhostóir reatha a roghnú, ba cheart do na teistiméirí a bheith in ann teistiméireacht a sholáthar duit. Is féidir leat a bheith cinnte de nach ndéanfaimid teagmháil le teistiméirí ach amháin i gcás go mbreithneofar thú le do cheapadh tar éis chéim an réamhagallaimh. Tabhair faoi deara gurb amhlaidh, i gcás go n-éireoidh leat san agallamh deiridh, a theastóidh uainn teistiméireacht ó d'fhostóir reatha sula molfar thú le do cheapadh.

Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá fáilte roimh iarrthóirí ó gach earnáil den tsochaí, á chinntiú go bhfuil rochtain ar dheiseanna gairme ag gach duine a bhfuil spéis acu iontu. Táimid tiomanta do chomhionannas deise a sholáthar do gach iarrthóir.

Más rud é go bhfuil míchumas ort nó go dteastóidh socruithe réasúnacha uait le linn an phróisis roghnúcháin, molaimid go láidir duit an méid sin a chur in iúl dúinn ionas gur féidir linn a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht is gá.
Is é atá i gceist le socruithe réasúnacha inár bpróiseas roghnúcháin ná coigeartuithe agus athruithe praiticiúla lena gcumasófaí d'iarrthóir faoi mhíchumas deis chomhionann a bheith aige/aici sa chomórtas seo. Áirítear leis na coigeartuithe a sholáthraímid teicneolaíocht chúnta, scríobhaithe agus léitheoirí a úsáid agus am breise a thabhairt, mar aon le raon socruithe eile.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin faoin gCód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí

Más rud é go bhfuil iarrthóir míshásta leis an toradh ar aon chéim de phróiseas roghnúcháin, féadfaidh sé/sí:

1. **Athbhreithniú ar chinneadh** a rinneadh le linn an phróisis a iarraidh

nó

2. **Gearán a dhéanamh** á rá gur míchothrom a bhí an próiseas roghnúcháin a leanadh

Féadfaidh iarrthóir ceachtar den dá nós imeachta a leanúint i ndáil leis an aon ghné amháin den phróiseas roghnúcháin, ach ní fhéadfaidh sé/sí an dá nós imeachta a leanúint. I gcás go ndearnadh athbhreithniú ar phróiseas roghnúcháin de réir Chuid 7 (mar atá mionsonraithe thíos), ní fhéadfaidh gearánach athbhreithniú breise ar an bpróiseas sin a iarraidh de réir Chuid 8, seachas sna cúinsí is eisceachtúla, ar cúinsí iad a chinnfidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí **faoina lánrogha aonair.**

Níl oibleagáid ar bith ar an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí próiseas ceapacháin a chur ar fionraí le linn Athbhreithniú nó Gearán a bhreithniú. Mar sin féin, bíonn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag súil leis, i gcás gur féidir, go ndéanfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí idirghabháil i gcásanna ina n-aimsíonn sí gur dóigh gur tharla earráid.

Athbhreithniú a Iarraidh de réir Chuid 7
Féadfaidh iarrthóir iarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh i gcás go mbeidh sé/sí míshásta le gníomh nó cinneadh a rinne an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Déanfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí iarrataí ar athbhreithniú a bhreithniú de réir fhorálacha **Chuid 7** den Chód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Agus iarraidh ar athbhreithniú á déanamh aige/aici, ní mór don iarrthóir tacú leis an iarraidh sin trí bhreac-chuntas a thabhairt ar na fíorais lena léirítear, dar leis/léi, go raibh an gníomh a rinneadh nó an cinneadh ar thángthas air mícheart. Féadfar diúltú d'iarraidh ar athbhreithniú más rud é nach mbeidh an t-iarrthóir in ann tacú leis an iarraidh uaidh/uaithi.

Is é a bheidh i gceist leis an Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil ná scrúdú deascbhunaithe a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá ar fáil i ndáil leis an bpróiseas earcaíochta agus leis an gcinneadh a rinneadh maidir leis an iarratas ón iarrthóir. Cuirfear toradh an Phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil in iúl don iarrthóir i scríbhinn.

- Ní mór iarraidh ar Athbhreithniú Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh, agus is gnách go ndéanfar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a d'imir ról lárnach sa phróiseas roghnúcháin a riar.
- I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon chumarsáid neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.

Ní mór iarraidh ar Athbhreithniú Foirmiúil a dhéanamh laistigh de **chúig lá oibre** ón tráth a fhaightear an fógra faoin gcinneadh roghnúcháin nó ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an phróisis Athbhreithnithe Neamhfhoirmiúil. Ní cheadófar na teorainneacha ama sin a fhadú ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair an Phríomhfheidhmeannaigh a bheidh sé fadú a cheadú.

- Ní mór don iarrthóir na hábhair imní atá aige/aici i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i

scríbhinn don Rannóg Acmhainní Daonna (trí ríomhphost a sheoladh chuig recruitment@lawreform.ie nó trí scríobh chuig An Rannóg Acmhainní Daonna, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2), agus breac-chuntas á thabhairt aige/aici ar na fíorais lena léirítear, dar leis/léi, go raibh gníomh a rinneadh nó cinneadh ar thángthas air mícheart.
- Is é/í duine atá lán-neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin a dhéanfaidh an tAthbhreithniú Foirmiúil

De ghnáth, ní mór toradh an Athbhreithnithe Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ón tráth a fhaightear an iarraidh ar athbhreithniú. Más rud é nach dtiocfaidh cinneadh as an imscrúdú laistigh den tréimhse ama sin, ní mór don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna leis an moill.

Gearán a Dhéanamh de réir Chuid 8

Is féidir go gcreidfidh iarrthóir go ndearna an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí sárú ar an gCód Cleachtais ón gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí, ar sárú é a bhféadfadh gur cuireadh as d'ionracas an chinnidh ar thángthas air sa phróiseas ceapacháin dá bharr. Leis an bpróiseas gearáin, cuirtear ar chumas iarrthóirí gearán a dhéanamh de réir **Chuid 8** leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar an gcéad dul síos, agus leis an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ina dhiaidh sin ar achomharc más rud é go bhfuil siad míshásta fós.

De bhun phróiseas gearáin Chuid 8, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí nó an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí nár cloíodh sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin atá i gceist leis an gcaighdeán atá leagtha amach sa Chód Cleachtais. I gcásanna den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí moltaí a dhéanamh chun nach dtarlóidh saincheisteanna den sórt sin arís sa todhchaí. **Ní fhéadfaidh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ordú a thabhairt don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí cinneadh a rinneadh le linn próiseas ceapacháin a fhreaschur**. Ba cheart d'aon iarrthóir ar mian leis nó léi go ndéanfaí imscrúdú ar an gcinneadh a rinneadh maidir lena (h)iarratas mar chuid de phróiseas roghnúcháin Athbhreithniú a iarraidh de réir Chuid 7, mar atá leagtha amach thuas.

Ní mór don ghearánach breac-chuntas a thabhairt ar na fíorais lena léirítear, dar leis/léi, go raibh an próiseas a leanadh mícheart. Ní mór don ghearánach an ghné den Chód a gcreideann sé/sí gur sáraíodh í a shainaithint freisin, mar aon le haon doiciméid ábhartha lena bhféadfaí tacú leis an líomhain a chur faoi iamh. Féadfar gearán a dhíbhe más rud é nach mbeidh an gearánach in ann tacú leis na líomhaintí uaidh/uaithi trína leagan amach cén dóigh ar mhainnigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí prionsabail an Chóid a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Is é a bheidh i gceist leis an nGearán Neamhfhoirmiúil ná scrúdú deascbhunaithe a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá ar fáil i ndáil leis an bpróiseas earcaíochta. Cuirfear toradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil in iúl don iarrthóir i scríbhinn.
- Ní mór Gearán Neamhfhoirmiúil a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre ón tráth a fhaightear fógra faoin gcinneadh, agus is gnách go ndéanfar é idir an t-iarrthóir agus ionadaí de chuid an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí a d'imir ról lárnach sa phróiseas roghnúcháin a riar.
- I gcás go mbeidh iarrthóir míshásta fós tar éis aon chumarsáid neamhfhoirmiúil den sórt sin, féadfaidh sé/sí dul i mbun na nósanna imeachta foirmiúla atá leagtha amach thíos.

Ní mór Gearán Foirmiúil a dhéanamh laistigh de chúig lá oibre ón tráth a fhaightear an fógra faoin gcinneadh roghnúcháin nó ón tráth a fhaightear an fógra faoi thoradh an Ghearáin Neamhfhoirmiúil. Ní cheadófar na teorainneacha ama sin a fhadú ach amháin in imthosca den chineál is eisceachtúla agus is faoi rogha aonair an Phríomhfheidhmeannaigh a bheidh sé fadú a cheadú.

- Ní mór don iarrthóir na hábhair imní atá aige/aici i ndáil leis an bpróiseas a chur in iúl i scríbhinn don Rannóg Acmhainní Daonna (trí ríomhphost a sheoladh chuig recruitment@lawreform.ie nó trí scríobh chuig An Rannóg Acmhainní Daonna, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Teach Styne, Sráid Haiste Uachtarach, Baile Átha Cliath 2), agus breac-chuntas á thabhairt aige/aici ar na fíorais lena léirítear, dar leis/léi, go raibh gníomh a rinneadh nó cinneadh ar thángthas air mícheart.
- Is é/í duine atá lán-neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin a imscrúdóidh an Gearán Foirmiúil.

De ghnáth, ní mór toradh an Ghearáin Fhoirmiúil a chur in iúl don iarrthóir laistigh de 25 lá oibre ón tráth a fhaightear an iarraidh ar athbhreithniú. Más rud é nach dtiocfaidh cinneadh as an imscrúdú laistigh den tréimhse ama sin, ní mór don Choimisiún um Athchóiriú an Dlí an t-iarrthóir a choinneáil ar an eolas faoi stádas an athbhreithnithe agus faoi na cúiseanna leis an moill.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise faoi na nósanna imeachta Athbhreithnithe agus Gearáin thuas, féach an Cód Cleachtais le haghaidh Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag www.cpsa.ie.

Faisnéis Ghinearálta

CLICEÁIL ANSEO chun Faisnéis Ghinearálta a fháil, lena n-áirítear faisnéis faoi na hOibleagáidí atá ar Iarrthóirí agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

Aguisín 1

Príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíocht éifeachtach ar leibhéal an Phríomhoifigigh

Inniúlachtaí ar Leibhéal an Phríomhoifigigh

Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí

Ceannaireacht agus Treo Straitéiseach	Treoraíonn sé/sí an fhoireann, socraíonn sé/sí ardchaighdeáin, téann sé/sí i ngleic le haon fhadhbanna feidhmíochta agus éascaíonn sé/sí ardfheidhmíocht
	Éascaíonn sé/sí malartú oscailte smaointe agus cothaíonn sé/sí timpeallacht cumarsáide oscailte
	Rannchuidíonn sé/sí le straitéis agus beartas na Roinne/an Rialtais a mhúnlú
	Forbraíonn sé/sí cumas agus acmhainn ar fud na foirne trí tharmligean éifeachtach
	Forbraíonn sé/sí cultúr foghlama agus forbartha, ag tairiscint cóitseála agus aiseolas cuiditheach/tacúil
	Tá sé/sí chun tosaigh maidir le hullmhú le haghaidh athrú suntasach agus athchóiriú suntasach agus maidir le hiad a chur chun feidhme
	Réamh-mheasann sé/sí forbairtí san earnáil/sa mhórthimpeallacht agus freagraíonn sé/sí go mear dóibh
	Comhoibríonn sé/sí go gníomhach le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile
Breithiúnas agus Cinnteoireacht	Sainaithníonn sé/sí croí-shaincheisteanna agus díríonn sé/sí orthu agus é/í ag déileáil le faisnéis chasta/cásanna casta
	Bailíonn sé/sí fíorais, láimhsíonn sé/sí faisnéis bhriathartha agus uimhriúil, agus smaoiníonn sé/sí faoi shaincheisteanna ar bhealach loighciúil
	Feiceann sé/sí an ghaolmhaireacht idir saincheisteanna agus tuigeann sé/sí na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla go mear
	Sainaithníonn sé/sí réitigh chomhleanúnacha ar shaincheisteanna casta
	Téann sé/sí i mbun gnímh, ag déanamh cinntí go tráthúil agus ag sealbhú an mhisnigh chun iad a chur i gcrích
	Déanann sé/sí cinntí fónta eolacha ar bhealach tráthúil, ag tuiscint an tionchair agus na n-impleachtaí a bheidh acu.
	Féachann sé/sí le cothromaíocht éifeachtach a aimsiú idir na saincheisteanna earnála, na gnéithe polaitiúla agus an tionchar ar shaoránaigh i ngach cinneadh
Bainistíocht agus Soláthar Torthaí	Tionscnaíonn sé/sí torthaí/seirbhísí ina réimse féin agus glacann sé/sí freagracht phearsanta as an méid sin
	Aimsíonn sé/sí cothromaíocht idir straitéis agus sonraí oibriúcháin chun riachtanais ghnó a chomhlíonadh
	Bainistíonn sé/sí roinnt clár oibre agus tascanna agus ath-leithdháileann sé/sí acmhainní chun athruithe sa díriú a bhainistiú
	Baineann sé/sí an úsáid is fearr as acmhainní agus cuireann sé/sí tomhais feidhmíochta chun feidhme chun cuspóirí a bhaint amach
	Cinntíonn sé/sí go mbaintear an úsáid is fearr as TFC agus as samhlacha nua soláthair
	Déanann sé/sí athbhreithniú criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí chun a chinntiú go bhfuil siad éifeachtach agus go gcomhlíonann siad riachtanais na hEagraíochta
	Cothaíonn sé/sí an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlachtaí, le luach ar airgead agus le riachtanais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil an fhoireann ag díriú ar thosaíochtaí pleananna gnó agus go ngníomhaíonn sí orthu, fiú agus í faoi bhrú
Caidreamh a Chothú agus Cumarsáid	Labhraíonn sé/sí agus scríobhann sé/sí ar bhealach soiléir, sothuigthe agus éifeachtach
	Éisteann sé/sí go gníomhach, ag iarraidh dearcadh agus seasamh daoine eile a thuiscint
	Bainistíonn agus réitíonn sé/sí coinbhleachtaí/easaontais ar bhealach dearfach cuiditheach
	Oibríonn sé/sí go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitíochta, ag aithint agus ag bainistiú an teannais a thagann as dearcadh geallsealbhóirí difriúla
	Cuireann sé/sí ina luí ar dhaoine eile, cothaíonn sé/sí comhdhearcadh, agus gnóthaíonn sé/sí comhoibriú ó dhaoine eile chun faisnéis a fháil agus chun spriocanna a bhaint amach
	Déanann sé/sí teagmháil réamhghníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus ar fud Ranna/Eagraíochtaí eile, agus forbraíonn sé/sí líonraí gairmiúla láidre
	Cuireann sé/sí tuairimí in iúl nuair a mheasann sé/sí go bhfuil sé cuí déanamh amhlaidh

Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	Déanann sé/sí forbairt agus coinneáil ar scileanna agus ar shaineolas ar fud roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse féin agus a n-aithníonn daoine laistigh den Roinn/Eagraíocht agus lasmuigh di araon iad
	Coimeádann sé/sí ar an eolas faoi phríomhbheartais roinne, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus faoi threochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a théann i bhfeidhm ar an ról
	Coimeádann sé/sí díriú láidir ar fhéinfhorbairt, ag iarraidh aiseolais agus deiseanna le haghaidh fáis
Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí	Déanann sé/sí dianiarracht sheasmhach ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach
	Léiríonn sé/sí tiomantas pearsanta don ról, ag coimeád diongbháilteachta agus dianseasmhachta, agus, an tráth céanna, coimeádann sé/sí braistint cothromaíochta agus tuisceana i ndáil le saincheisteanna oibre
	Rannchuidíonn sé/sí go dearfach leis an gclár oibre corparáideach
	Tá sé/sí iontaofa, macánta agus measúil, ag comhlíonadh gealltanas agus ceangaltas
	Cinntíonn sé/sí go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil
	Tá sé/sí athléimneach, ag coinneáil a stuama i ndroch-chúinsí nó i gcúinsí dúshlánacha
	Cuireann sé/sí cultúr chun cinn ina gcothaítear na caighdeáin is airde eitice agus ionracais